

## **Gníomhaíochtaí Daltaí: Féachaint cad a tharlaíonn don mheán nuair a shuimítear sonra breise le tacar sonraí, agus luach an tsonra sin cothrom le náid.**

Déan in éineacht leis an gcomhad idirghníomhach “Mar a athraíonn an Meán nuair a shuimítear sonra nua le tacar sonraí” ar CD an dalta.

1. Ríomh meán an tacair shonraí seo ar an ngnáthbhealach: 8, 7, 6, 5, agus 4.

---

---

2. Cuir an tacar sonraí 8, 7, 6, 5, 4 sa chomhad idirghníomhach. Cliceáil chun an meán a ríomh.

---

3. Cad é an meán sa chomhad idirghníomhach? An ionann é agus an freagra a fuair tú i gCeist 1? Murab ionann, seiceáil do chuid oibre i gCeist 1 arís.

---

4. Ríomh meán an tacair shonraí seo ar an ngnáthbhealach: 8, 7, 6, 5, 4 agus 0.

---

---

5. Cliceáil saigheada 3 agus 4 sa chomhad idirghníomhach chun do fhreagra ar Cheist 4 a sheiceáil.

---

6. Cén difríocht a bhí idir na tacair shonraí i gCeist 1 agus i gCeist 4? An ionann an dá mheán?

---

---

---

7. Cliceáil chun an comhad idirghníomhach a athshocrú. Cuir isteach tacar sonraí nua de do chuid féin. Cliceáil saigheada 1-4, agus freagair an cheist “An bhfuil gaol idir an Meán agus an Meán Nua?” Déan an méid sin arís, uair amháin eile.

---

---

8. Má chuirtear sonra nua atá cothrom le náid le tacar sonraí, an mbeidh meán an tacair shonraí nua níos mó ná nó níos lú ná meán an tacair shonraí a bhí ann i dtosach? I gcónaí? Mínigh cén fáth.

---

---

---